☸An Lúibín☸

31 Iúil 2017

Seimineár

Ar 25 Iúil 2017 bhí seimineár i gColáiste Newman (Ollscoil Melbourne) agus Fidelma Breen ó Ollscoil Adelaide (ar Ghaeilgeoir í) mar phríomhchainteoir. Ba é teideal na cainte 'Pathways to Permanence: Irish Working Holidaymakers in Australia'. Bhí an t-ábhar bunaithe ar thaighde a rinne sí le haghaidh PhD.

Tá an dá víosa shealadacha ann: an *Working Holiday Visa* (a bhfuil 'malartú culturtha' mar aidhm aige) agus é á úsáid ag a lán daoine idir 18 agus 30 (58% den sampla), agus an *457*, víosa do dhaoine a bhfuil éileamh san Astráil ar a gcuid scileanna. Lena chois sin tá an víosa cónaitheach ann, rud a bhfuil mórán ag tnúth leis.

Bhí Fidelma ar thóir eolais ar aidhmeanna na n-inimirceach, ar chúrsaí oibre agus caidrimh, agus ar na chúiseanna a bheadh ag daoine le dul abhaile. Rinne sí dhá shuirbhé agus roinnt mhór agallamh agus bhí sí ag bailiú eolais ón mbliain 2014 amach. B'as an Tuaisceart do 14% de na freagróirí agus b'as an bPoblacht do 82%. Tháinig an ceathrú cuid acu go dtí an Astráil agus gan aithne acu ar dhuine ar bith ann. Is iad na tíortha is mó ba rogha leis na hÉireannaigh riamh an Bhreatain, Ceanada agus na Stáit, ach le beagán blianta anuas tá fonn ar chuid mhaith imirceach triail a bhaint as an Astráil ar dtús, d'ainneoin an achair. Tá a lán daoine oilte le fáil i measc na n-inimirceach agus cuid mhaith teaghlach a bhfuil an dá thuismitheoir ag obair.

Tá na hÉireannaigh go maith chun dul i dteagmháil le chéile san Astráil agus baineann an t-uafás inimirceach tairbhe as Facebook chuige. Is furasta dóibh freisin fanacht i dteagmháil lena muintir sa bhaile tríd an Idirlíon agus téann a lán acu abhaile gach cúpla bliain.

Is minic a dhéanann daoine ar víosa sealadach iarracht ar víosa cónaitheach a fháil, cuid acu níos glice ná a chéile chuige agus iad deas ar na rialacha a chur chun sochair dóibh féin. Má fhaigheann inimircigh saoránacht ní hé gurb áil lena bhformhór cúl a thabhairt ar Éirinn: b'fhearr leo an teaghlach a choinneáil le chéile toisc gur saoránaigh iad na páistí.

Is iomaí duine a théann abhaile go buan, rud ar mhaith le rialtas na hÉireann dlús a chur leis, ach d'ainneoin athbhorradh an gheilleagair sa bhaile ní bheadh post le fáil ag gach duine ann agus sin gan trácht ar na deacrachtaí a bhaineann le háit chónaithe a fháil. Roinnt éigin de na daoine a thagann chun na hAstráile agus rún acu filleadh déanann siad athchomhairle. Tagann a lán eile chun go mbeadh 'taithí idirnáisiúnta' le cur acu ar an CV.

Ar na rudaí a chuireann colg ar Éireannaigh san Astráil tá an tuairim go bhfuil taithí ag na hÉireannaigh ó thús ar nósanna agus rialacha na tíre (ós Eorpaigh iad agus Béarla acu) agus scéalta grinn 'neamhdhochracha' faoi na hÉireannaigh.

♦❖♦❖♦❖♦

Scannáin Ghaeilge

Tá TG4, Bord Scannán na hÉireann agus Údarás Craoltóireachta na hÉireann tar éis Scéim Forbartha Cine4 a chur ar bun. Tionscadal comh-mhaoinithe í chun scannáin Ghaeilge a chur á ndéanamh. Drámaí atá i gceist, agus tá Cine4 ag súil le scéalaíocht mhaith, slacht agus greantacht, agus íomhánna a rachadh i bhfeidhm ort. Ní mór do scannán lucht féachana a mhealladh sa bhaile agus i gcéin. Ní mór don fhoireann, mar sin, an-chumas teanga a bheith acu agus lámh a bheith san obair ag idir mhná agus fhir.

Tabharfar méid chomh hard le €25,000 mar airgead forbartha do chúig iarrthóir gach bliain, agus tabharfar airgead léirithe do dhá thionscadal forbartha faoi choimirce scéim Fuaime agus Amhairc an Údaráis

Chraoltóireachta. Cuirfear dhá scannán amach dá réir gach bliain agus taispeánfar iad i bhféilte agus in amharclanna sula mbeidh siad le feiceáil ar TG4. Tá sonraí na scéime le fáil anseo: **www.tg4.ie/ga/leiriuchan/coimisiunu/**.

Sa Tuaisceart tá a leithéid eile de scéim ann – 'Amharc' – agus í dírithe ar scannáin faisnéise i dtaobh na n-ealaíon faoi choimirce TG4, BBC Gaeilge agus Ciste Craoltóireachta Gaeilge Scáileán Thuaisceart Éireann. Arís, táthar ag súil le scannáin a mheallfadh a oiread daoine agus is féidir. Cumas scéalaíochta atá uathu agus béim a chur ar shaothair chomhaimseartha, cé go nglacfaí le saothair staire a bhfuil baint acu leis an ré seo. £150,000 an maoiniú agus é le roinnt ar dhá thogra. Caithfidh na scánnaín a bheith i nGaeilge nó dátheangach.

♦❖♦❖♦❖♦

Gaeilge san Aontas Eorpach – ann nó as

Tá sé ráite ag an gCoiste Gaeilge, Gaeltachta agus Oileán i dTithe an Oireachtais gur baolach go gcuirfidh ballstáit eile brú ar Éirinn a teanga oifigiúil san Aontas Eorpach a athrú ó Ghaeilge go Béarla lena chinntiú go leanfar d'úsáid an Bhéarla in institiúidí an Aontais. Thitfeadh sin amach (má thiteann) de bharr imeacht na Breataine, an t-aon tír amháin a raibh Béarla aici mar phríomhtheanga oifigiúil.

Ní dócha, áfach, go stadfar d'úsáid na Gaeilge mar theanga oibre i gcúrsai riaracháin agus meas air mar theanga idirnáisiúnta neodrach. Tá cumas éigin cainte i mBéarla (mar theanga bhreise den chuid is mó) ag beagnach 40% de dhaonra an Aontais; labhraíonn 14% Fraincis agus 14% Gearmáinis.

Chomh maith leis sin, tá sé an-deacair athrú a dhéanamh ar shocrú teanga san Aontas. Gnó fada leadránach é a leithéid a chur faoi bhráid Chomhairle an Aontais agus vóta d'aonghuth a fháil ó na ballstáit go léir. Dealraíonn sé, ar dhóigh nó ar dhóigh eile, nach gá d'Éirinn an Béarla a ghabháil chuici go hoifigiúil chun an teanga a neartú san Eoraip.

Mar fhocail scoir, áfach, chuirfeadh stádas na Gaeilge san Aontas bunús éigin le tuairim na ndaoine úd a deir gur teanga de chuid na scothaicme í. Gaeilgeoirí sároilte síodúla iad an dream a dhéanann gnó na hÉireann thall agus poist gharánta acu. Ba dhóigh leat orthu nár theith na hIarlaí riamh nó, má theith, gur chuir siad fúthu sa Bhruiséil. Ach ní measade an teanga a leithéidí a bheith ann.

♦❖♦❖♦❖♦

An Ghaeilge i nDaonáireamh na hÉireann

Ceist ort: Cén céatadán de Ghaeilgeoirí líofa atá ann de réir contaethe lasmuigh den chóras oideachais? Tá an freagra le fáil, a bheag nó a mhór, sa scagadh a rinne *Tuairisc.ie* ar na figiúirí is déanaí ó Dhaonáireamh 2016.[1] [2] Fágadh na Gaeltachtaí as an áireamh ar fad.

I gContae na Gaillimhe atá an céatadán is mó le fáil – 1.85% den phobal áitiúil. Ina dhiaidh sin tá Dún na nGall – 1.54% - agus ina dhiaidh arís Baile Átha Cliath (idir chathair agus chontae) – 1.32% (17,093 duine – an líon is airde in Éirinn). Sa limistéar sin atá 23% de na cainteoirí laethúla (Gaeilgeoirí) sa tír. Ansin Contae an Chláir (1.31%), Cill Dara (1.30%), Maigh Eo, Cill Mhantáin, Muineachán, Corcaigh agus Ciarraí (1.14%), Contae an Chabháin (0.64%), Contae an Longfoirt (0.66% - 257 duine).

I 2011 bhí 54,010 cainteoir laethúil san iomlán lasmuigh den chóras oideachais. I 2016 tháinig laghdú beag air seo - 53,217 (laghdú 1% nó 793 duine). Sa Ghaeltacht bhí ísliú ó 23,175 go dtí 20,586.

Céard atá le tuiscint as na figiúirí seo? Is díol spéise an laghdú beag a tháinig ar chainteoirí laethúla lasmuigh den Ghaeltacht, cé go ndéarfá go bhfuil na figiúirí seasta go leor i gcónaí, go háirithe nuair a chuirtear san áireamh cainteoirí seachtainiúla agus daoine a labhraíonn Gaeilge níos lú ná uair sa tseachtain (613,236 i 2011

[1] http://tuairisc.ie/daonaireamh-2016-cad-iad-na-contaetha-is-laidre-agus-is-laige-o-thaobh-na-gaeilge/

[2] http://tuairisc.ie/achoimre-ar-sceal-na-gaeilge-i-ndaonaireamh-2016/

féin). Seo cuid de na figiúirí seachtainiúla: Contae na Gaillimhe (3.21), Contae an Chláir (2.96%), Contae Chiarraí (2.74%), Contae Chorcaigh (2.67%).
Is léir go bhfuil líon suntasach seasmhach Gaeilgeoirí sa Phoblacht, cé nach lion iomadúil iad mar chéatadán. Níl siad gan áiseanna: córas oideachais dá gcuid féin, meáin Ghaeilge, litríocht bhríomhar. Ní laghdú mór atá i ndán dóibh ach a mhalairt, mar bheadh súil réasúnta agat le méadú leanúnach (más mall míchothrom féin é) sna blianta atá le teacht.

Tá caoineadh tar éis na foghla á dhéanamh i ngeall ar laghdú leanúnach na cainte laethúla sa Ghaeltacht. Deir anailís *Tuairisc.ie* gur mionlach iad na cainteoirí laethúla ann lasmuigh den chóras oideachais i ngach limistéar pleanála teanga seachas sé cinn – Toraigh (74.6%), Ceantar na nOileán i gConamara (71.6%), An Cheathrú Rua (65.1%), Oileáin Árann (57.4%), Conamara Láir (56.1%) agus Gaoth Dobhair (50.8%). Is cosúil, áfach, go leanfaidh an meath sna háiteanna sin freisin. Is mithid a admháil go bhfuil an cluiche caillte.

♦❖♦❖♦❖♦

Cúrsaí seandálaíochta

An lonnú is sine

Tá cruthú ann anois go bhfuil Bundúchasaigh na hAstráile ina gcónaí sa tír le 65,000 bliain. Foireann idirnáisiúnta faoi cheannas Chris Clarkson ó Ollscoil Queensland a tháinig ar an bhfianaise. (Mar chomparáid, níl daoine ina gcónaí in Éirinn níos faide ná timpeall 10,500 bliain, de réir mar is eol dúinn.) Thug siad dúshlán na nathracha agus an bhrothaill chun ceann de na ginealaigh is sine ar domhan a thabhairt chun solais.

Chuaigh an fhoireann i gceann tochailt sheandálaíoch faoi bhun scailpe darb ainm Madjedbebe in Kakadu i gCríoch an Tuaiscirt. Baineann an taobh sin tíre leis na Mirrar, pobal Bundúchasach, agus b'éigean do na seandálaithe cead a fháil uathu chun tochailt, rud a rinneadh le dea-mhéin. Fuair siad tuanna ársa cloiche ann agus faobhar greanta géar orthu; go fios dúinn, ní bheadh a leithéidí á n-úsáid i réigiúin eile go ceann 20,000 bliain. Bhí ceann acu 65,000 bliain d'aois agus roinnt sleanntach ina thimpeall. Bhí uirlisí meilte síl ann, dramhcharn de shliogáin agus de chnámha ainmhithe agus iarsmaí reanna sleá. Fuarthas méid an-mhór ócair bhrúite fiú sna scaireanna is sine, rud a d'úsáidtí (agus a úsáidtear fós) mar mhaisiú agus a léiríonn dúil sheanfhréamhaithe na ndaoine san ealaín.

Creidtear gur thosaigh daoine ag fágáil na hAfraice timpeall 80,000 agus 100,000 bliain ó shin, ach ní raibh fianaise ann go dí anois gur shroich siad an Áise níos luaithe ná 50,000 bliain ó shin. Bhí orthu nócha ciliméadar ar a laghad a chur díobh thar farraige, cuma cén bealach ar tháinig siad as an Afraic, ach b'fhéidir leo teacht aduaidh ó Nua-Ghuine Phapua de shiúl a gcos agus an fharraige chomh híseal sin ag an am.

Bhain an fhionnachtain an bonn ón teoiric gurb iad na Bundúchasaigh ba bhun le díothú na hainmhithe ollmhóra a bhíodh le fáil sa tír. Lonnaigh na chéad Astrálaigh sa tír timpeall 20,000 bliain sular díothaíodh na hainmhithe úd, leithéid an dioprotodóin (ar chosúil le hollvambat é) nó an ollchangarú. Athrú aeráide agus timpeallachta is mó ba chiontaí leis an díothú, is dócha.

Dhátaigh an tOllamh Zenobia Jacobs an t-ábhar trí lonracht aonghráinneach a spreagadh go hoptúil, modh anailíse is cruinne ná an dátú carbóin agus an seandátú lonrachta a úsáideadh roimhe sin agus nach ndeachaigh níos faide siar ná 47,000 bliain. Bhailigh sí gráin ghainimh gach cúig cheintiméadar anuas agus an tochailt ar siúl, chomh fada síos le 2.5 méadar. Bhí uirthi an obair a dhéanamh istoíche ar eagla go luífeadh solas na gréine ar an ábhar.

Súnn na gráin radaíocht isteach ina lucht leictreon ón ithir atá ina dtimpeall agus iad ar foscadh ón ngrian faoi thalamh. Dá fhad atá siad ann is ea is mó an méid radaíochta atá iontu, agus scaoileann siad a lucht má théann solas na gréine i bhfeidhm orthu. Rinne an tOllamh Jacobs léasar a dhíriú ar gach grán ar leith chun go ndéanfadh sé a chuid leictreon stóráilte a scaoileadh. Ar an dóigh sin thomhais sí an lucht a bhí i ngach ceann den 25,800 grán a bhí bailithe aici.

Roinn sí an lucht ar an méid radaíochta ab eol di a bheith san ithir, rud a léirigh an t-am a chuaigh thart ón uair ba dheireanaí a d'fhulaing na gráin spalpadh na gréine. Lena chois sin, cuireadh an t-ábhar faoi scrúdú neamhspleách a dhearbhaigh aois na scaireanna faoin scailp agus iad 18,000, 35,000, 50,000 agus 65,000 bliain d'aois faoi seach.

Tá eolas eile curtha ar fáil ag Tionscadal an Dúchais Bhundúchasaigh, tionscadal a bhfuil an Australian Centre for Ancient DNA (Ollscoil Adelaide) agus Músaem na hAstráile Theas chun tosaigh ann. Rinneadh taighde ar DNA miteacoindriach ó 111 sampla de ghruaig a bhailigh foirne seandálaíocha ó Bhundúchasaigh ar fud na hAstráile ón mbliain 1928 go dtí na 1970í. Is féidir ginealach na mban a lorg siar go deo leis an DNA úd, agus taispeánann na torthaí gur de shliocht pobail shinseartha amháin iad na Bundúchasaigh atá anois ann, pobal a scaip go luath – i gceann 2,000 bliain – ar fud na tíre.

Dealraíonn sé go bhfuil na pobail áitiúla ina gcónaí ina gceantair féin ó shin i leith. Níl buaine dá leithéid le fáil in aon áit eile ar domhan, rud a léiríonn cé chomh dlúth is atá an nasc idir na Budúchasaigh agus a dtaobh tíre.

Féach

'Human occupation of northern Australia by 65,000 years ago,' Chris Clarkson, Zenobia Jacobs et al, *Nature*, Vol 547, Issue 7663.

Tony Wright, 'Outback discovery rewrites our history,' *The Age*, 20 Iúil 2017.

Tony Wright, 'Discovery 65,000 years in the making,' *The Age*, 21 Iúil 2017.

'Aboriginal hair shows 50,000 years connection to country,' 9 Márta 2017, University of Adelaide news: https://www.adelaide.edu.au/news/news91042.html

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun *rianach@optusnet.com.au*.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au **.**

Leagan simplithe

An lonnú is sine

Tá cruthú ann anois go bhfuil Bundúchasaigh ina gcónaí san sa tír le 65,000 bliain. Foireann idirnáisiúnta faoi cheannas Chris Clarkson ó Ollscoil Queensland a fuair é.

Bhí an fhoireann ag tochailt faoi scailp[3] in Kakadu i dtuaisceart na tíre. Baineann an taobh sin tíre leis na Mirrar, pobal Bundúchasach. B'éigean do na seandálaithe cead a fháil uathu chun tochailt a dhéanamh. Fuair siad a lán iarsmaí agus tua chloiche ina measc a bhí 65,000 bliain d'aois. Fuair siad ócar brúite freisin, rud a bhí á úsáid riamh mar mhaisiú agus chun ealaín a dhéanamh.

Creidtear gur thosaigh daoine ag fágáil na hAfraice timpeall 80,000 agus 100,000 bliain ó shin. Ní raibh fianaise gur bhain siad an Astráil amach roimh 50,000 bliain ó shin.

Shíl seandálaithe éigean gurbh iad na Bundúchasaigh ba bhun le díothú na n-ollainmhithe[4] a bhí san Astráil fado. Tá a fhios againn anois, áfach, go raibh na Bundúchasaigh sa tír 20,000 bliain sular imigh na hainmhithe sin.

Bhailigh an tOllamh Zenobia Jacobs gráin ghainimh ón scailp chun iad a dhátú. Rinne sí tomhas ar an méid radaíochta a tháinig isteach iontu ón ithir ar feadh na mílte bliain. Léiríonn sé seo cá mhéad am a chuaigh thart ó thit solas na gréine orthu. Fuair sí amach go raibh tréimhse 65,000 bliain ann.

Taispeánann taighde eile ón Astráil Theas go bhfuil pobail Bhundúchasacha ina gcónaí ina gceantair féin le 50,000 bliain ar a laghad. Bhailigh seandálaithe samplaí de ghruaig ó Bhundúchasaigh ón mbliain 1928 go dtí na seachtóidí agus rinneadh taighde ar an DNA miteacoindriach a bhí iontu. Is féidir ginealach na mban a lorg siar go deo ar an dóigh sin. Is léir anois gur de shliocht pobail amháin na Bundúchasaigh atá anois ann. Níor thóg sé níos faide ná dhá mhíle bliain orthu scaipeadh ar fud na tíre. Nuair a chuir siad fúthu in áit áirithe d'fhan siad ann. Níor tharla a leithéid in aon áit eile ar domhan.

[3] Scailp – rock shelter

[4] Ollainmhithe - megafauna